


Cuir Aithne ar

# Chathair Saidhbhín




*Ar Maidin* · *Iarnóin* · *Anach sa Tráthnóna*

## Cultúr

### Cathracha

Tá na cathracha cloiche an Chathair Gheal agus Leacan na Buaile 3.5km soir ó Chathair Saidhbhín i gceantar a dtugtar 'Trasna an Uisce' air go háitiúil.

### Geolaíocht

Fad is atá tú 'Trasna an Uisce', tabhair cuairt ar an Trá Bhán agus an Trá Dhubh chun rianta de stair dhramatúil gheolaíoch Uíbh Ráthaigh a fheiscint, carraigeacha bholcánacha san áireamh.

### Gnónna Áitiúla

Tá go leor siopaí agus caiféanna le fiosrú i gCathair Saidhbhín, agus bíonn bia breá agus seisiúin ceoil thraidisiúnta rialta i roinnt de na pubanna.

## Gníomhach

### Siúlóidí

Tá go leor bealaí siúl áitiúla. Lean Lúb Bhinn an Tí ó Fhaiche an Aonaigh, lena radharcanna breátha ar Uíbh Ráthach, coillte dúchasacha, portaigh agus talamh feirme.

### Uisce

Idir Inbheaf na Fearta agus Góilín Dhairbhre, tá roghanna ag Cathair Saidhbhín ó thaobh caithimh aimsire ar an uisce, ar nós cadhcadóireacht agus turasanna báid. Nó téir ag snámh ag Cuas Crom nó ceann eile de na tránna fothanúla gainimh sa chomharsanacht.

### Rothar

Más maith leat an rothaíocht, tóg rothar ar cíos agus tóg an droichead 'Trasna an Uisce', nó má bhíonn an bás farantóireachta séasúrach ag obair, tóg cuairt ar Oileán Dhairbhre.

## Teaghlach

### Ionad Spraoi

Tá ionad spraoi Chathair Saidhbhín suite ar Fhaiche an Aonaigh.Tá plásóg taobh leis le crainn agus bínsí inti – agus b'fhéidir braon caife béal dorais do na daoine fásta.

### Stair

Thosnaigh obair ar Bheairic clúiteach Chathair Saidhbhín cois abhann in 1870. Tugann siúlóid tríd an pháirc taobh leis tú chomh fada le macasamhail de chathair chloiche le radharcanna iontacha den droichead traenach.

### Radharcanna

Is ionad amhairc iontach é Barr na Carraige suite 3.5km soir ó Chathair Saidhbhín. Tá Doirse Sí fad na slí ar shiúlóid ghearr, le fógraí a mhíníonn taobh tíre na siúlóide.

## Dúlra

### Éanbhreathnú

Tá inbhear abhann na Fearta ar thaobh thoir an bhaile agus cé go mbíonn éin le feiscint ann ó cheann ceann na bliana, bíonn lapairí ar cuairt geimhridh ann idir Meán Fómhair agus Aibreán.

### Uisce

Is áit álainn chun suí ar phort na habhann ag faire ar dúlra í Páirc Chuimhneacháin Dhónall Uí Chonaill, atá ar imeall an bhaile. Don bhfarraige, téir ag siúil amach go dtí an trá charraigeach gearr do Phointe Uí Mhainchín ag iarraidh radharc ar róin a fháil

### Coillte

Is paiste tearc de choillte dúchasacha ar Uíbh Ráthach í Coill Chárthann. Bainfidh dathanna an fhómhair an anáil díot. Bí amuigh go luath más mian leat breith ar cheiliúr na camhaoire san earrach.

## Grianghrafadóireacht

### Solas Maidine

Bíonn solas breac ag titim ar bhláthanna an earraigh i gCoill Chárthainn fad is a bhíonn grian na maidine ag téaltú in airde ar chliatháin Chnoc na dTobar.

### An Baile

Bíodh daoine nó foirgnimh i gceist, tá roghanna ar an mbaile a chuirfí spéis iontu, pé de mhúrphictiúir, séipéil, bácúis, nó piúnt portair is fearr leat.

### Luí Gréine

Is áiteanna iontacha iad an mhuiríne, an Rinn Aird agus Trasna an Uisce le fanacht ar athrú an tsolais agus é frithchaite ar an uisce. Bíonn cruthanna dramatúla ag bailt le liosanna agus Caisleán Bhaile Uí Chairbre le titim na hoíche.

Cuir Aithne ar

**Uíbh Ráthach**

www.discoveriveragh.ie